# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ hAOINE, 19 MEITHEAMH 2009 – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30

Iomlán na Marcanna: 320

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

CAITHFIDH IARRTHÓIRÍ IAD SEO A LEANAS A FHREAGAIRT:

- **DHÁ CHEIST** AS AONAD A hAON
- **DHÁ CHEIST** AS AONAD A DÓ
- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

**AONAD A hAON**

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist)**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### CEIST 1. FEALSÚNACHT

**Freagair a) agus b).**

a) Tabhair breac-chuntas ar cheann **amháin** de phríomhsmaointe fealsúnacha Arastatail. (20 marc)

b) Mínigh cén fáth a raibh ceann **amháin** de smaointe Arastatail tábhachtach i bhforbairt na fealsúnachta. (20 marc)

### CEIST 2. MIOTAS AGUS CREIDEAMH

**Freagair a), b) agus c).**

a) Tabhair breac-chuntas ar mhiotas **amháin** a chuireann in iúl rud a chreid daoine fadó. (10 marc)

b) Déan próifíl den tuiscint ar Dhia/ar dhéithe a fhaightear i miotas ársa **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. (15 mharc)

c) Déan comparáid idir na creidimh reiligiúnacha atá i gceist san aondiachas agus san ildiachas. (15 mharc)

### CEIST 3. SLITE CHUN DEARCADH AR AN SAOL

**Freagair a), b) agus c).**

a) Tá slite reiligiúnacha éagsúla ag daoine chun dearcadh ar an saol –

- Aeistéitiúil
- Cráifeach
- Fileata

Déan cur síos ar a bhfuil i gceist le ceann **amháin** de na slite reiligiúnacha thuas chun dearcadh ar an saol. (10 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar shampla de cheann **amháin** de na slite reiligiúnacha seo a leanas chun dearcadh ar an saol –

- Mistiúil
- Fáidhiúil

(10 marc)



c) Ainmnigh duine mór le rá sa traidisiún daonnachach agus tabhair breac-chuntas ar phríomhphointe **amháin** de dhearcadh an duine sin ar an saol. (20 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a), b) agus c).**

a) Déan cur síos ar ar tharla nuair a tugadh Íosa chun trialach os comhair an Sanhedrin *nó* os comhair Phointias Píoláit agus mínigh cén fáth ar tharla an triail sin. (40 marc)

b) Mínigh cén fáth a raibh deacrachtaí ag ceann **amháin** de na pobail luath-Chríostaí atá liostaithe thíos teagasc Íosa a leanúint.

- Coraint
- Filipí
- Teasaloinicé

(20 marc)

c) Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** ar chuir baill de phobal luath-Chríostaí atá liostaithe in *b)* thuas teagasc Íosa i bhfeidhm ina saol. (20 marc)

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a), b) agus c).**

a) Déan cur síos ar thuiscint an tslánaithe/na saoirse a fhaightear i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

- An Búdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

(20 marc)

b) Scrúdaigh an tuiscint ar an slánú/saoradh a fhaightear sa Chríostaíocht *nó* sa Ghiúdachas. (20 marc)

c) Tabhair breac-chuntas ar phríomhchreidimh reiligiúnacha ceann **amháin** díobh seo a leanas:

- Reiligiún Traidisiúnta na hAfraice
- Gluaiseacht Reiligiúnach Nua
- Creideamh na mBaha'i
- Reiligiún na Síne
- Reiligiún na Saíceach

(40 marc)

### ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA

**Freagair a), b) agus c).**

a) Déan cur síos ar **dhá** thréith a bhaineann leis an aibíocht mhorálta. (20 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist i gcéim **amháin** den aibíocht mhorálta a ngabhfadh duine tríthi sula mbainfeadh sé/sí aibíocht mhorálta amach. (20 marc)

c) Scrúdaigh an chaoi a dtiocfadh duine a bheadh aibí ó thaobh na moráltachta de ar chinneadh faoina bhfuil ceart nó mícheart maidir le ceist mhorálta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(40 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

CAITHFIDH TÚ CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN E AN REILIGIÚN AGUS AN INSCNE

**Freagair a) agus b).**

a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla a thaispeánann an tionchar is féidir a bheith ag inscne duine ar a t(h)aithí ar an reiligiún sa domhan inniu. (40 marc)

b) *Ar na mná a raibh tionchar acu ar reiligiúin dhomhanda bhí –*

- BUNAITHEOIRÍ ORD REILIGIÚNACH
- SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA
- LEASAITHEOIRÍ SÓISIALTA
- SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA

Roghnaigh bean **amháin** as ceann ar bith de na catagóirí thuas agus tabhair breac-chuntas ar scéal a beatha faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas:

i. An obair a rinne sí. (20 marc)

ii. Tionchar a beatha ar an traidisiún reiligiúnach lenar bhain sí. (20 marc)

### ROINN G ADHRADH, PAIDREOIREACHT AGUS DEASGHNÁTHA

**Freagair a) agus b).**

a) i. Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint ar cad is sacraimint ann i sainchreideamh Críostaí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. (20 marc)

ii. Scrúdaigh an pháirt a ghlacann **dhá** shiombail i gceiliúradh sacraimintiúil a bhfuil staidéar déanta agat air. (20 marc)

b) Déan comparáid idir an tslí a mbítear ag guí in **dhá** cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas, agus tú ag tagairt don áit agus do na hamanna a mbítear ag guí.


◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

(40 marc)

### ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA

**Freagair a) agus b).**

a) Pléigh tionchar an Bhíobla ar ghrúpa **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat orthu. (40 marc)



b) Scrúdaigh a bhfuil i gceist i gceann **amháin** de na téacsanna seo a leanas as scrioptúir na nEabhrach agus mínigh cén fáth a bhfuil an téacs sin tábhachtach i dtraidisiún reiligiúnach.

- Na Deich nAitheanta (Eacsadas 20:1-21)
- Laoi Hanná (1 Samúéil 2:1-10)
- Iosrael Athbhunaithe (Íseáia 52:13-53:12) (40 marc)

## ROINN J    AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

**Freagair a) agus b).**

a) Déan cur síos ar fhionnachtain **amháin** de chuid Galileo faoin gcruinne. (40 marc)

b) Mínigh cén fáth a raibh tionchar ag fionnachtana Galileo faoin gcruinne ar an ngaol idir an reiligiún agus an eolaíocht. (40 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán